| Meitheal Forbartha Bhéarla na hArdteistiméireachta | Cruinniú 9: 20 Eanáir 2025 |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Réamhrá, miontuairiscí, leithscéalta, nithe ag éirí, agus léiriú spéise.** | Tionóladh an cruinniú breise seo ar líne chun an togra measúnaithe athbhreithnithe agus an nóta don Bhord agus don Chomhairle a shoiléiriú.<br>Níor cuireadh aon dearbhuithe leasa in iúl. |
| **Measúnú** | Pléadh foclaíocht an togra measúnaithe. Bhí gach comhalta seachas comhalta amháin den mheitheal forbartha i bhfabhar an togra seo. Bhí CSS in aghaidh an togra ar bhonn an mhéid a chuirfeadh sé isteach ar an gcóras. Shocraigh an mheitheal dul ar aghaidh leis an togra trí na bealaí cuí, chomh maith le nóta ceaptha le dul in éineacht leis an tsonraíocht. Pléadh agus aontaíodh foclaíocht an nóta. |
| **Seisiún iomlánach** | Na chéad chéimeanna eile:<br>• Rachaidh an nóta ar aghaidh chuig an mBord agus chuig an gComhairle chun breithniú a dhéanamh air. Má fhaomhann an Chomhairle é, rachaidh sé ar aghaidh chuig cruinniú den Ghrúpa Forfheidhmithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRIG) sa Roinn chun breithniú a dhéanamh air. Beidh dul chun cinn na sonraíochta ina dhiaidh sin chuig céim an chomhairliúcháin ag brath ar thoradh chruinniú SCRIG. Coimeádfaidh an tOifigeach Oideachais an Mheitheal Forbartha ar an eolas faoi dhul chun cinn na sonraíochta.<br>• An chéad chruinniú eile: An 8 Aibreán i bPort Laoise<br>• Cruinniú sealadach socraithe don 12 agus 13 Bealtaine i mBaile Átha Luain ag brath ar dhul chun cinn na sonraíochta. |